



An Bhruiséil, 16 Iúil 2026
(OR. en)

12026/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0199 (NLE)

JUSTCIV 95
ATO 39
JAI 1015

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	16 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 369 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaráítear do Phoblacht na Liotuáine agus do Phoblacht na Polainne a bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach agus sa leasú air ar mhaithe leis an Aontas Eorpach agus dearbhú a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm rialacha inmheánacha ábhartha dhlí an Aontais

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 369 final.

Faoi iamh: COM(2026) 369 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2026
COM(2026) 369 final

2026/0199 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaráítear do Phoblacht na Liotuáine agus do Phoblacht na Polainne a bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach agus sa leasú air ar mhaithe leis an Aontas Eorpach agus dearbhú a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm rialacha inmheánacha ábhartha dhlí an Aontais

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Foras agus cuspóirí an togra

San Aontas Eorpach, rialaítear córais dliteanais núicléach na mBallstát le dlíthe náisiúnta. In 23 as 27 mBallstát, áfach, tá príomhphrionsabail na gcóras sin múnlaíthe ag dhá Choinbhinsiún idirnáisiúnta, a glacadh faoi choimirce dhá eagraíocht idirnáisiúnta éagsúla, a bhfuil dlíthe náisiúnta comhchuibhithe acu i réimse an dliteanais shibhialta as damáiste núicléach: Coinbhinsiún Pháras agus Vín.

Bhí na coinbhinsiúin idirnáisiúnta sin a tháinig chun cinn ag tús na 60idí den XX céad ann le beagnach 25 bliana gan athruithe substaintiúla.

Glacadh an Coinbhinsiún maidir le Dliteanas Tríú Páirtí i Réimse an Fhuinnimh Núicléach (dá ngairtear ‘Coinbhinsiún Pháras’ anseo feasta) i bPáras in 1960 faoi choimirce na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus tá sé ar oscailt do Chomhaltaí na heagraíochta sin agus do Stáit eile má chomhaontaíonn na Páirtithe sa Choinbhinsiún amhlaidh. Leasaíodh é feadh na mblianta le roinnt prótacal agus forlíonadh é le Coinbhinsiún an 31 Eanáir 1963 i bhForlíonadh ar Choinbhinsiún Pháras an 29 Iúil 1960 (dá ngairtear ‘Coinbhinsiún Forlíontach na Bruiséile’ anseo feasta). Ba é ab aidhm do Choinbhinsiún Forlíontach na Bruiséile cistí breise a chur ar fáil chun damáiste de dheasca teagmhas núicléach a chúiteamh nuair nár leor cistí Choinbhinsiún Pháras. Níl sé ar oscailt ach do Pháirtithe Conarthacha Choinbhinsiún Pháras.

Leasaíodh Coinbhinsiún Pháras agus Coinbhinsiún Fhorlíontacha na Bruiséile go deireanach le Prótacail in 2004 a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2022.

Is é is aidhm do Choinbhinsiún Vín 1963 ar Dhliteanas Sibhialta i leith Damáiste Núicléach (dá ngairtear ‘Coinbhinsiún Vín’ anseo feasta), arna ghlacadh faoi choimirce na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA), dlí náisiúnta na bPáirtithe Conarthacha a chomhchuibhiú trí roinnt íoschaighdeán a bhunú chun cosaint airgeadais a thabhairt ar dhamáiste a eascraíonn as úsáidí síochánta áirithe an fhuinnimh núicléach. Tá an Coinbhinsiún ceaptha chun a áirithiú go mbeidh dlíthe agus rialacháin i bhfeidhm ag gach Páirtí Conarthach a bheidh i gcomhréir leis an gcóras dlí maidir le dliteanas sibhialta i leith damáiste núicléach dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún. Rinneadh Prótacal 1997 chun Coinbhinsiún Vín a leasú a chaibidliú d’fhonn cúiteamh a fheabhsú d’íospartaigh i leith damáiste a rinne teagmhais núicléacha agus tháinig sé i bhfeidhm an 4 Deireadh Fómhair 2003.

Níl na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Pháras ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Vín agus *vice versa*. In ainneoin na cosúlachta idir Coinbhinsiún Pháras agus Vín, níor chuir siad córas aonfhoirmeach dliteanais tríú páirtí aonair ar fáil do gach tír atá ina páirtí i gceachtar den dá choinbhinsiún. D’oibrigh an dá choinbhinsiún ar leithligh ó chéile, ionas nach rachadh gach coinbhinsiún chun tairbhe ach d’íospartaigh laistigh de chríoch a bPáirtithe Conarthacha féin.

Ar an gcúis sin, glacadh Prótacal Comhpháirteach 1988 a bhaineann le Coinbhinsiún Pháras agus Vín a chur i bhfeidhm chun caidreamh conarthach a bhunú idir na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Vín agus na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún Pháras, agus chun deireadh a chur le coinbhleachtaí a d’fhéadfadh eascairt as an dá Choinbhinsiún a chur i bhfeidhm go comhuaineach ar an teagmhas núicléach céanna. Dá réir sin, níl an Prótacal Comhpháirteach oscailte ach do Stáit atá ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Vín nó i gCoinbhinsiún Pháras.

Ó tháinig sé i bhfeidhm an 27 Aibreán 1992, faigheann na Stáit is páirtithe i gCoinbhinsiún Pháras nó i gCoinbhinsiún Vín agus sa Phrótacal Comhpháirteach tairbhí an dá choinbhinsiún. Dá bhrí sin, i gcás ina dtarlaíonn teagmhas núicléach, a bhfuil oibreoir i gCoinbhinsiún Pháras/i stát an Phrótacail Chomhpháirtigh faoi dhliteanas ina leith agus a mbaineann damáiste d'íospartaigh i gCoinbhinsiún Vín/i Stát an Phrótacail Chomhpháirtigh, beidh na híospartaigh sin in ann cúiteamh a éileamh as a ndamáiste i gcoinne an oibreora atá faoi dhliteanas ar an mbealach céanna agus a mhéid céanna, go bunúsach, amhail is dá mba íospartaigh iad i Stát de Choinbhinsiún Pháras; tá a mhalairt fíor chomh maith céanna.

Áirithítear leis an bPrótacal Comhpháirteach nach mbeidh feidhm ach ag ceann amháin den dá choinbhinsiún maidir le haon teagmhas núicléach ar leith agus cinntear an t-oibreoir atá faoi dhliteanas agus méid a dhliteanais leis an gcoinbhinsiún, ar páirtí ann an Stát ar ina chríoch atá suiteáil an oibreora atá faoi dhliteanas suite. Ní hamháin go bhfuil feidhm ag an bPrótacal Comhpháirteach maidir le coinbhinsiúin bhunaidh Pháras agus Vín ach tá feidhm aige freisin maidir le haon leasú ar cheachtar coinbhinsiún atá i bhfeidhm maidir le páirtí conarthach sa Phrótacal Comhpháirteach.

Chloígh roinnt Ballstát den Aontas Eorpach le Coinbhinsiún Pháras (an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Ísiltír, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an Spáinn, an tSualainn), agus tá an Bhulgáir, an Chróit, an tSeicia, an Eastóin, an Ungáir, an Liotuáin, an Laitvia, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún Vín.

Ina theannta sin, níl cúig Bhallstát (an Ostair, an Chipir, Éire, Lucsamburg agus Málta) ina bpáirtithe in aon Choinbhinsiún maidir le dliteanas i leith damáiste núicléach.

Leis an timpiste a tharla in 1986 ag stáisiún cumhachta núicléiche Shearnóbail san iar-APSS, cuireadh in iúl go soiléir gur féidir le teagmhas núicléach damáiste de mhéid eisceachtúil a dhéanamh agus nach stopann éifeachtaí díobhálacha teagmhais den sórt sin ag teorainneacha Stáit. Feabhsaíodh dlíthe idirnáisiúnta maidir le dliteanas núicléach trí thús a chur le leasú na gcoinbhinsiún atá ann cheana agus trí choinbhinsiúin nua a ghlacadh, chun sásraí a chur i bhfeidhm chun cúiteamh pras agus éifeachtach a áirithiú as damáiste a rinne teagmhas núicléach.

Sa chreat dlíthiúil sách ilroinnte agus casta seo a bhaineann le dliteanas i leith damáiste núicléach, glacadh Coinbhinsiún eile in 1997: an Coinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach (CSC) arb é is aidhm dó córas domhanda dliteanais shibhialta a bhunú agus lena mbeartaítear íosmhéid cúitimh náisiúnta agus an méid cúitimh trí chistí poiblí atá le cur ar fáil ag na Páirtithe Conarthacha a mhéadú a thuilleadh i gcás nach leor an méid náisiúnta chun an damáiste a rinne teagmhas núicléach a chúiteamh. Dá bhrí sin, méadaíonn an scéim seo deimhneacht dhlíthiúil agus cosaint don phobal, d'oibreoirí, do sholáthróirí, d'iasachtóirí, d'infheisteoirí agus d'arachóirí.

In 2011, tar éis na timpiste i ngléasra cumhachta núicléiche Fukushima Daiichi sa tSeapáin, d'aithin an pobal idirnáisiúnta gur teagmhas núicléach i ngach áit é teagmhas núicléach in aon áit agus dhearbhaigh sé an tábhacht agus na tairbhí a bhaineann le córas domhanda dliteanais núicléach a bhunú.

Tá CSC oscailte ní hamháin do Stáit ar páirtithe iad i gCoinbhinsiún Vín nó i gCoinbhinsiún Pháras (lena n-áirítear aon leasú ar cheachtar acu), ach do Stáit eile freisin ar choinníoll go bhfuil a reachtaíocht náisiúnta comhsheasmhach le rialacha aonfhoirmeacha maidir le dliteanas sibhialta a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún.

Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le damáiste núicléach a éiríonn as teagmhais núicléacha a tharlaíonn i suiteálacha núicléacha agus le linn ábhar núicléach a iompar chuig

suíteálacha den sórt sin agus uathu. Áirítear sa sainmhíniú ar dhamáiste núicléach atá le cúiteamh, sa bhreis ar bhás agus díobháil phearsanta agus caillteanas maoine nó damáiste do mhaoín, costais atá bainteach le hathbhunú an chomhshaoil, caillteanas ioncaim a eascraíonn as leas eacnamaíoch in úsáid nó i dteachtadh an chomhshaoil agus costais na mbeart coisctheach a cheaptar chun damáiste a chosc nó a íoslaghdú. Tháinig CSC i bhfeidhm an 15 Aibreán 2015 agus tá 11 Pháirtí Chonarthaigh aige faoi láthair.

I measc Bhallstáit an Aontais, tá CSC sínithe ag an tSeicia, ag an Liotuáin agus ag an Rómáin, agus tá sé daingnithe ag an Rómáin freisin, roimh a n-aontachas leis an Aontas. Shínigh an Iodáil é in 1998.

An 13 Eanáir 2026, le linn Chomhdháil Pháirtithe CSC i Vín, glacadh an leasú ar an gCoinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach (CSC) de chomhthoil. Leis an leasú sin, cuirtear deireadh leis an gceanglas atá ar Stáit nach bhfuil imoibreoirí núicléacha acu ranníocaíocht a dhéanamh leis an gCoinbhinsiún le cistí poiblí agus níl aon tionchar aige ar rialacha CSC maidir le dlínse, aithint agus forfheidhmiú breithiúnas. Tiocfaidh an leasú i bhfeidhm ar an dáta a mbeidh a n-ionstraimí daingniúcháin faoi seach taiscthe ag na Páirtithe Conarthaigh uile sa Choinbhinsiún. Ó theacht i bhfeidhm an Leasaithe, ní bheifear in ann aontú a thuilleadh do CSC nár leasaíodh.

Ar an gcaoi chéanna leis na Coinbhinsiúin eile maidir le dlíteanas i leith damáiste núicléach, áirítear freisin i gCaibidil V de CSC (Dlínse agus an dlí is infheidhme), forálacha a thagann faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais, toisc go mbaineann siad le dlínse, aitheantas agus forfheidhmiú agus leis an dlí is infheidhme.

Go deimhin, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE, tá an baol ann go ndéanfaidh Airteagal XIII de CSC difear do reachtaíocht thánaisteach an Aontais maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 1215/2012 an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (athmhúnlú)¹.

Deimhnítear an baol go ndéanfaí difear le cásdlí socair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, go háirithe Tuairim 1/03 ('Tuairim Lugano') maidir le hinniúlacht an Chomhphobail chun Coinbhinsiún nua Lugano maidir le dlínse agus aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála a thabhairt i gcrích. Rialaigh an Chúirt ar cheist inniúlacht an Chomhphobail Eorpaigh Coinbhinsiún nua Lugano a thabhairt i gcrích agus chinn sí go raibh inniúlacht eisiach intuigthe ag an gComhphobal Eorpach chun an Coinbhinsiún nua a thabhairt i gcrích, mar gheall ar reachtaíocht inmheánach an Aontais a ghlacadh maidir leis an ábhar céanna (Rialachán Uimh. 44/2001 ón gComhairle)².

Le Rialachán (CE) Uimh. 864/2007 an 11 Iúil 2007 maidir leis an dlí is infheidhme i ndáil le hoibleagáidí neamhchonarthacha (An Róimh II), ar an taobh eile, eisiatar go sainráite óna raon feidhme oibleagáidí neamhchonarthacha a eascraíonn as damáiste núicléach (Airteagal 1(2)(f)).

Ós rud é go dtagann forálacha CSC faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus ós rud é gur chuir an Pholainn agus an Liotuáin in iúl gur mian leo a bheith ina bpáirtithe in CSC, ní mór iad a údarú chun páirt a ghlacadh ann trí Chinneadh ón gComhairle. Ós rud é nach féidir an dáta a dhaingneoidh Páirtithe Conarthaigh reatha uile CSC an leasú a thuar, ar mhaithe le

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú) IO L 351, 20.12.2012, lch. 1, <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1215/oj>.

² Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, IO L 12, 16.1.2001, lgh. 1–23

héifeachtúlacht, leis an gCinneadh ón gComhairle údarófar don Pholainn agus don Liotuáin a bheith rannpháirteach in CSC atá i bhfeidhm faoi láthair agus ina leagan leasaithe araon.

Mar ab amhlaidh i gcás Chinneadh 2013/434/AE ón gComhairle a bhaineann le Coinbhinsiún Vín, beidh ar an bPolainn agus ar an Liotuáin dearbhú a dhéanamh lena n-áiritheofar go leanfar de na rialacha maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 1215/2012 iad a chur i bhfeidhm i measc na mBallstát is Páirtithe in CSC (an Rómáin amháin faoi láthair).

D'áiritheofaí leis sin aontacht i limistéar breithiúnach an Aontais agus saorchúrsaíocht breithiúnas laistigh den Aontas, gan impleachtaí a bheith aige ar chur chun feidhme éifeachtach an Choinbhinsiúin.

Tá an Pholainn ina Páirtí cheana féin i gCoinbhinsiún Vín, arna leasú lena Phrótacal 1997, agus i bPrótacal Comhpháirteach 1988 a bhaineann le cur i bhfeidhm Choinbhinsiúin Pháras agus Vín.

Trí bheith ina Pháirtí in CSC freisin, tacófar le cur chun feidhme Chlár Cumhachta Núicléiche 2020 na Polainne, lena mbeartaítear, ó mhí Aibreáin 2027 ar aghaidh, roinnt gléasraí cumhachta núicléiche a thógáil sa Pholainn, i gcomhréir freisin leis an gcuspóir córas leictreachais na Polainne a dhícharbónú de réir a chéile. Trí chiste idirnáisiúnta a bhunú chun cúiteamh náisiúnta a fhorlíonadh, méadófar deimhneacht dhlíthiúil d'infheisteoirí agus do sholáthróirí agus cosaint fheabhsaithe d'íospartaigh ionchasacha teagmhas núicléach. Thairis sin, ós rud é gur bronnadh an conradh chun an chéad ghléasra cumhachta núicléiche a thógáil sa Pholainn ar chuibhreannas Meiriceánach agus go bhfuil na Stáit Aontaithe ina bPáirtithe in CSC cheana féin, bunófar le daingniú CSC ag an bPolainn comhchreat dlíthiúil idir an Pholainn agus na Stáit Aontaithe i réimse an dliteanais shibhialta i leith damáiste núicléach, agus beidh sé ábhartha freisin d'infheistíochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le cumhacht núicléach atá beartaithe sa Pholainn, atá ag céimeanna éagsúla den chur chun feidhme faoi láthair.

Shínigh an Liotuáin CSC an 30 Meán Fómhair 1997, roimh a haontachas le AE. Chuir an Liotuáin in iúl gur spéis léi dul isteach in CSC agus d'iarr sí go n-údarófaí di é sin a dhéanamh, tar éis an phlé a rinneadh sa Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) an 13 Samhain 2025.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tionscnamh comhsheasmhach le Cinntí ón gComhairle a glacadh cheana i réimse an dliteanais shibhialta i leith damáiste núicléach arb é is aidhm dóibh údarú a thabhairt do na Ballstáit Coinbhinsiún Pháras agus Coinbhinsiún Vín a dhaingniú nó aontú dóibh, mar gheall ar inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais maidir le roinnt forálacha de na comhaontuithe idirnáisiúnta.

Le Cinneadh 2004/294/CE ón gComhairle an 8 Márta 2004,³ údaraíodh do na Ballstáit ar Páirtithe iad i gCoinbhinsiún Pháras an Prótacal lena leasaítear an Coinbhinsiún sin a dhaingniú nó aontú dó. Glacadh an Cinneadh gan dochar do sheasamh na hOstaire, Lucsamburg agus na hÉireann nach raibh ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún Pháras.

³ 2004/294/CE: Cinneadh ón gComhairle an 8 Márta 2004 lena n-údaraítear do na Ballstáit ar Páirtithe Conarthacha iad i gCoinbhinsiún Pháras an 29 Iúil 1960 maidir le Dliteanas Tríú Páirtí i Réimse an Fhuinnimh Núicléach an Prótacal lena leasaítear an Coinbhinsiún sin, a dhaingniú chun leas an Chomhphobail Eorpaigh, nó aontú dó, IO L 97, 1.4.2004, lch. 53

Le Cinneadh 2007/727/CE ón gComhairle an 8 Samhain 2007 údaraíodh don tSlóivéin an Prótacal lena leasaítear Coinbhinsiún Pháras a dhaingniú, toisc nach raibh an tSlóivéin ina Ballstát den Chomhphobal Eorpach go fóill tráth a glacadh Cinneadh 2004 ón gComhairle⁴.

Le Cinneadh 2013/434/AE ón gComhairle an 15 Iúil 2013, údaraíodh do Bhallstáit áirithe, Páirtithe Conarthacha áirithe i gCoinbhinsiún Vín, Prótacal 1997 lena leasaítear Coinbhinsiún Vín a dhaingniú nó aontú dó⁵.

Níor díriodh an Cinneadh seo ón gComhairle ach chuig na Ballstáit sin a bhí ina bPáirtithe Conarthacha cheana féin i gCoinbhinsiún Vín tráth a glacadh an Cinneadh. Glacadh an cinneadh gan dochar do sheasamh na hOstaire, na Cipire, Lucsamburg, na hÉireann agus Mhálta.

• **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle comhsheasmhach le beartas ginearálta an Aontais beart a dhéanamh chun a áirithiú go n-urramófar inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais sa chreat idirnáisiúnta. Tá obair leantach á déanamh ag an tionscnamh seo ar roinnt Cinntí eile ón gComhairle a bhaineann le réimsí beartais atá éagsúil le dliteanas i leith damáiste núicléach, i gcás inar ghá údarú a thabhairt do na Ballstáit Coinbhinsiúin a dhaingniú nó aontú dóibh, lena n-áirítear forálacha a thagann faoi inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais.

Féadfar aird a thabhairt sna Coinbhinsiúin sin, mar shampla, ar dhliteanas i leith truailliú muirí amhail Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Dhliteanas Sibhialta i leith Damáiste ó Thruailliú Ola Umair, 2001 (an Coinbhinsiún um Ola Umair) nó an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Dhliteanas agus Cúiteamh i gcás Damáiste i dtaca le hIompar Substaintí Guaiseacha agus Díobhálacha ar Muir, 1996 (Coinbhinsiún HNS). Údaraíodh do na Ballstáit na Coinbhinsiúin sin a dhaingniú nó aontú dóibh trí Chinntí ón gComhairle maidir leis an gCoinbhinsiún um Ola Umair⁶ nó Coinbhinsiún HNS⁷ toisc go ndearna na forálacha a bhaineann le dlínse, aithint agus forfheidhmiú breithiúnas na gCoinbhinsiún sin difear do na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú in ábhair shibhialta agus thráchtála (Rialachán na Buiséile I).

Glacadh Cinneadh eile ón gComhairle in 2017 chun a údarú do na Ballstáit Prótacal 2010 a ghabhann le Coinbhinsiún HNS a dhaingniú nó aontú dó, maidir leis na gnéithe a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta⁸. Sa chás sin, rinne forálacha Phrótacal 2010 difear

⁴ 007/727/CE: Cinneadh ón gComhairle an 8 Samhain 2007 lena n-údaraítear do Phoblacht na Slóivéine Prótacal an 12 Feabhra 2004 lena leasaítear Coinbhinsiún Pháras an 29 Iúil 1960 maidir le Dhliteanas Tríú Páirtí i Réimse an Fhuinnimh Núicléach a dhaingniú chun leas an Chomhphobail Eorpaigh, IO L 294, 13.11.2007, lgh. 23-24.

⁵ 2013/434/AE: Cinneadh ón gComhairle an 15 Iúil 2013 lena n-údaraítear do Bhallstáit áirithe Prótacal an 21 Bealtaine 1963 lena leasaítear Coinbhinsiún Vín ar Dhliteanas Sibhialta i leith Damáiste Núicléach a dhaingniú nó aontú dó, chun leas an Aontais Eorpaigh, agus dearbhú a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm rialacha inmheánacha ábhartha dhlí an Aontais.

⁶ 2002/762/CE: Cinneadh ón gComhairle an 19 Meán Fómhair 2002 lena n-údaraítear do na Ballstáit, chun leas an Chomhphobail, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Dhliteanas Sibhialta i leith Damáiste ó Thruailliú Ola Umair, 2001 (an Coinbhinsiún um Ola Umair), J L 256, 25.9.2002, lgh. 7–8 a shíniú, a dhaingniú nó aontú dó.

⁷ 2002/971/CE: Cinneadh ón gComhairle an 18 Samhain 2002 lena n-údaraítear do na Ballstáit, chun leas an Chomhphobail, an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Dhliteanas agus Cúiteamh i gcás Damáiste i dtaca le hIompar Substaintí Guaiseacha agus Díobhálacha ar Muir, 1996 (Coinbhinsiún HNS) a dhaingniú nó aontú dó, IO L 337, 13.12.2002, lgh. 55–56.

⁸ Cinneadh (AE) 2017/770 ón gComhairle an 25 Aibreán 2017 maidir le daingniú agus aontachas na mBallstát, chun leas an Aontais Eorpaigh, le Prótacal 2010 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Dhliteanas agus Cúiteamh i gcás Damáiste i dtaca le hIompar Substaintí Guaiseacha

do na rialacha maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 (Rialachán an Bhruiséil I bis).

Níl iontu sin ach roinnt samplaí a bhaineann go sonrach le Coinbhinsiún a dhéileálann le dliteanas agus cúiteamh i leith damáiste, ach is féidir údaruithe a thugtar do na Ballstáit a lua maidir le hearnálacha eile amhail iompar earraí, amhail Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir leis an gConradh um Iompar Earraí ar Uiscebhealaí Intíre. Sa chás sin, údaraíodh don Ostair, don Bheilg agus don Pholainn Coinbhinsiún Bhúdaipeist a dhaingniú nó aontú dó, toisc go ndearna foráil maidir le rogha dlí na bpáirtithe i gconradh iompair a thagann faoin gCoinbhinsiún difear do na rialacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hoibleagáidí conarthacha (An Róimh I)⁹.

Mar fhocal scoir, i gcásanna ina ndéanann forálacha sna coinbhinsiúin idirnáisiúnta difear do na rialacha arna nglacadh le reachtaíocht thánaisteach an Aontais i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair shibhialta, rinneadh gníomhaíocht leordhóthanach go comhsheasmhach chun a áirithiú go ndéanfar na creataí inmheánacha agus seachtracha a chomhordú go cuí agus nach ndéanfar difear do *acquis* an Aontais, i gcomhréir leis na Conarthaí agus le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• An bunús dlí

Is é Airteagal 81(2) CFAE bunús dlí substainteach an togra seo lena gceadaítear, inter alia, bearta a ghlacadh arb é is aidhm dóibh aitheantas frithpháirteach agus forfheidhmiú breithiúnas idir na Ballstáit a áirithiú agus comhoiriúnacht na rialacha is infheidhme sna Ballstáit maidir le heasaontacht dlíthe agus dlínse.

Braitheann an bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(6) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an chomhaontaithe idirnáisiúnta ghaolmhair. Mar sin féin, tá aidhm agus ábhar an togra seo le haghaidh Cinnidh ón gComhairle teoranta d'fhorálacha an chomhaontaithe idirnáisiúnta a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais, is é sin Airteagal XIII de CSC a bhaineann le dlínse agus forfheidhmiú agus a dhéanann difear do reachtaíocht thánaisteach an Aontais maidir le dlínse agus aithint agus forfheidhmiú breithiúnas mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 1215/2012 an 12 Nollaig 2012.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) CFAE mar aon le hAirteagal 81(2) CFAE bunús dlí an togra seo. Gníomhóidh an Chomhairle trí thromlach cáilithe tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

Níor cheart tosaíocht a bheith ag na rialacha maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas a leagtar síos in Airteagal XIII de CSC ar na rialacha ábhartha a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012, arna leathnú chun an Danmhairg a chumhdach leis an gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála¹⁰. Dá bhrí sin, mar a tharla i gcás

agus Díobhálacha ar Muir, maidir leis na gnéithe a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair shibhialta, IO L 115, 4.5.2017, lgh. 18-21.

⁹ Cinneadh (AE) 2015/1878 ón gComhairle an 8 Deireadh Fómhair 2015 lena n-údaraítear do Ríocht na Beilge agus do Phoblacht na Polainne, faoi seach, Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir leis an gConradh um Iompar Earraí ar Uiscebhealaí Intíre a dhaingniú agus lena n-údaraítear do Phoblacht na hOstaire aontú dó, IO L 276, 21.10.2015, lgh. 1-2.

¹⁰ IO L 299, 16.11.2005, lgh. 62. Tá feidhm ag Rialachán Uimh. 1215/2012 sa Danmhairg faoin gComhaontú idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge maidir le dlínse agus le haithint

an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle an 15 Nollaig 2013 maidir leis an bPrótacal lena leasaítear Coinbhinsiún Vín, ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann dearbhú a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm dhlí an Aontais.

Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú), agus dá bhrí sin tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhréireacht**

Dréachtaítear an togra seo de réir na gCinntí ón gComhairle a glacadh cheana maidir leis an ábhar céanna agus ní théann sé thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir a bhaint amach maidir lena áirithiú go n-urramófar inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais i ndáil le roinnt forálacha de CSC agus lena n-údaraítear don Pholainn agus don Liotuáin dul isteach in CSC agus sa leasú a ghabhann leis.

- **An rogha ionstraime**

Ós rud é go mbaineann an t-ábhar le coinbhinsiún idirnáisiúnta, níl aon rogha eile ann seachas Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(6), an dara fómhír, pointe (a)(v) CFAE lena n-údaraítear don Pholainn agus don Liotuáin a bheith ina bpáirtithe in CSC. Níl aon ionstraim dlí eile ann a d'fhéadfaí a úsáid chun cuspóir an togra seo a bhaint amach.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinneadh dianchomhairliúcháin le hAireacht Fuinnimh na Polainne chun a áirithiú go n-urramófaí an amlíne a leagtar amach i gClár Cumhachta Núicléiche na Polainne 2020 leis an údarú chun dul isteach in CSC.

Chuathas i gcomhairle freisin leis an Aireacht Fuinnimh sa Liotuáin.

Thairis sin, deis a bhí i gCeardlann IAEA maidir le Dlíteanas Núicléach Sibhialta, a bhí ar siúl ón 21 go dtí an 24 Deireadh Fómhair 2025 i Vilnias na Liotuáine, scrúdú a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le CSC maidir le córas domhanda dlíteanais núicléach a bhunú. Ghlac an

agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála. Tháinig na leasuithe reachtachacha is gá sa Danmhairg i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2013.

Coimisiún páirt ghníomhach sa cheardlann, d'fhoill an tionscnamh seo a mhíniú do Stáit is Páirtithe in CSC agus do Pháirtithe Conarthacha ionchasacha cheana féin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhí an Coimisiún ag brath ar an obair fhairsing a rinne IAEA, go háirithe a Phlean Gníomhaíochta chun córas domhanda dliteanais núicléach a bhunú lena dtugtar aghaidh ar ábhair inní na Stát uile a bhféadfadh teagmhas núicléach difear a dhéanamh dóibh. Sa chomhthéacs sin, is díol spéise ar leith í gníomhaíocht an tSainghrúpa Idirnáisiúnta um Dhliteanas Núicléach (INLEX) a chuir i bhfios go láidir go gcuireann CSC sásra ar fáil chun caidreamh conartha a bhaint amach leis an oiread Stát agus is féidir, agus é mar aidhm leis rannpháirtíocht uilíoch sa chóras domhanda dliteanais núicléach.

- **Measúnú tionchair**

Maidir leis na Cinntí ón gComhairle a bhaineann le Coinbhinsiúin eile maidir le dliteanas núicléach, ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair ar aontachas na Polainne agus na Liotuáine le CSC.

Mar sin féin, tháinig sé chun solais go soiléir ón gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara agus ón saineolas a bailíodh gurb é CSC an creat dlíthiúil lena gcuirtear coimircí níos fearr ar fáil i ndáil leis na comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana maidir le dliteanas i leith damáiste núicléach.

Go deimhin, léirigh tubaiste Fukushima in 2011 bearnaí suntasacha san ullmhacht airgeadais, ós rud é go raibh na costais chúitimh i bhfad níos mó ná na hacmhainní a bhí ar fáil faoi chóras dliteanais intíre na Seapáine. Leis an teagmhas sin, cuireadh i dtábhacht an gá atá le coinbhinsiúin idirnáisiúnta chun ceanglais agus sásraí airgeadais níos láidre a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar thionóiscí tubaisteacha.

Féachann CSC leis an dúshlán sin a fhreagairt trí chúiteamh méadaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear ciste idirnáisiúnta chun an méid cúitimh atá ar fáil as damáiste núicléach a fhorlíonadh. Forbraíodh é mar scáth do na coinbhinsiúin idirnáisiúnta eile maidir le dliteanas agus chun bonn a chur faoi chóras domhanda maidir le dliteanas núicléach a d'fhéadfadh tíortha a bhfuil agus nach bhfuil gléasraí cumhachta núicléiche acu a mhealladh chun cloí go forleathan leis. Tá neart doiciméadachta maidir leis na tairbhí a bhaineann le córas CSC le fáil ar leathanach tiomnaithe IAEA¹¹.

Le haontachas na Polainne agus daingniú na Liotuáine, méadófar líon na Stát CSC agus, ar an gcaoi sin, rannchuideofar leis an sprioc teacht ar chóras domhanda dliteanais núicléach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Ceartha bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo.

¹¹ <https://www.iaea.org/topics/nuclear-liability-conventions/convention-supplementary-compensation-nuclear-damage>

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní bhaineann le hábhar

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear do Phoblacht na Liotuáine agus do Phoblacht na Polainne a bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach agus sa leasú air ar mhaithe leis an Aontas Eorpach agus dearbhú a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm rialacha inmheánacha ábhartha dhlí an Aontais

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 81(2) de, i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fómhír, pointe (a) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa¹,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Glacadh an Coinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach (CSC) an 12 Meán Fómhair 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm an 15 Aibreán 2015.
- (2) Is é is aidhm do CSC íosmhéid cúitimh náisiúnta a bhunú agus an méid cúitimh a mhéadú a thuilleadh trí chistí poiblí a chuirfidh na Páirtithe Conarthacha ar fáil i gcás nach leor an méid náisiúnta chun an damáiste a rinneadh de dheasca teagmhas núicléach a chúiteamh. Dá bhrí sin, méadaíonn sé an deimhneacht dhlíthiúil d'infheisteoirí agus do sholáthróirí agus d'íospartaigh ionchasacha teagmhas núicléach.
- (3) An 13 Eanáir 2026, ghlac na Páirtithe Conarthacha in CSC, de chomhthoil, leasú lena mbaintear an ceanglas atá ar Stáit nach bhfuil aon imoibireoir núicléach acu ranníocaíocht a dhéanamh le CSC le cistí poiblí. Tiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm nuair a bheidh a n-ionstraim dhaingniúcháin taiscthe ag na Páirtithe Conarthacha uile in CSC.
- (4) Tá CSC oscailte ní hamháin do Stáit is páirtithe sna coinbhinsiúin eile maidir le dliteanas núicléach, amhail Coinbhinsiún Vín ar Dhliteanas Sibhialta ar Dhamáiste Núicléach an 21 Bealtaine 1963, nó Coinbhinsiún Pháras maidir le Dliteanas Tríú Páirtí i Réimse an Fhuinnimh Núicléigh an 29 Iúil 1960 (lena n-áirítear aon leasú ar cheachtar acu), ach do Stáit eile freisin, ar choinníoll go bhfuil a reachtaíocht náisiúnta comhsheasmhach leis na rialacha aonfhoirmeacha maidir le dliteanas sibhialta a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le CSC.
- (5) Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i dtaca le hAirteagal XIII de CSC a mhéid a dhéanann a fhorálacha difear do reachtaíocht thánaisteach an Aontais maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na

¹ Toiliú foilsithe in IO L [...], [...], ELI: [...]

hEorpa agus ón gComhairle². Coinníonn na Ballstáit a n-inniúlacht maidir le hábhair a chumhdaítear le CSC nach ndéanann difear do dhlí an Aontais.

- (6) Dá bhrí sin, ba cheart na Ballstáit ar mian leo a bheith ina bpáirtithe in CSC a údarú é a shíniú, a dhaingniú nó aontú dó chun leas an Aontais.
- (7) Tá CSC sínithe ag an tSeicia, ag an Liotuáin agus ag an Rómáin, agus tá sé daingnithe ag an Rómáin freisin, roimh a n-aontachas leis an Aontas. Shínigh an Iodáil é in 1998.
- (8) Chuir an Pholainn agus an Liotuáin in iúl gur mian leo go n-údarófaí iad le bheith ina bpáirtithe in CSC agus sa leasú air.
- (9) Níor cheart tosaíocht a bheith ag na rialacha maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas a leagtar síos in Airteagal XIII de CSC ar na rialacha lena rialaítear an nós imeachta chun breithiúnais a aithint agus a fhorghníomhú a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012.
- (10) Dá bhrí sin, na Ballstáit atá údaraithe le bheith ina bpáirtithe in CSC, ba cheart dóibh an dearbhú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo a dhéanamh d'fhonn cur i bhfeidhm rialacha ábhartha an Aontais a áirithiú.
- (11) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 1215/2012 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.
- (12) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo do Phoblacht na Liotuáine agus do Phoblacht na Polainne a bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach agus sa leasú air ar mhaithe leis an Aontas, faoi réir an choinníll a leagtar síos in Airteagal 2 den Chinneadh seo.

Airteagal 2

Ar theacht dóibh chun bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach, déanfaidh Poblacht na Liotuáine agus Poblacht na Polainne an dearbhú seo a leanas: ‘Déanfar breithiúnais maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach an 12 Meán Fómhair 1997, nuair a thugann Cúirt de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach iad, a aithint agus a fhorfheidhmiú in [ainm an Bhallstáit a dhéanann an dearbhú] i gcomhréir le rialacha ábhartha an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar’.

² Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (athmhúnlú) IO L 351, 20.12.2012, lch. 1, <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1215/oj>.

Airteagal 3

Is chuig Poblacht na Liotuáine agus chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.
Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
[...]

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh CINNEADH ón gCOMHAIRLE lena n-údaraitear do Phoblacht na Liotuáine agus do Phoblacht na Polainne a bheith ina bpáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Cúiteamh Forlíontach ar Dhamáiste Núicléach (CSC) agus sa leasú air ar mhaithe leis an Aontas Eorpach agus dearbhú a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm rialacha inmheánacha ábhartha dhlí an Aontais.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Ceartas (comhar breithiúnach in ábhair shibhialta).

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Is é is cuspóir don togra seo údarú a thabhairt don Pholainn agus don Liotuáin dul isteach in CSC agus inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais maidir le roinnt forálacha den Choinbhinsiún á hurramú an tráth céanna.

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Beidh an Pholainn agus an Liotuáin in ann a bheith ina bpáirtithe in CSC gan dlí an Aontais a sháru.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Beidh an Pholainn agus an Liotuáin in ann a gceart a fheidhmiú chun bheith ina bpáirtithe in CSC.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Ní bhaineann le hábhar

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

☒ **beart nua**

☐ **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart ⁽¹⁾**

☐ **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ **beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua**

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh

Ní bhaineann le hábhar

⁽¹⁾ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

- 1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Cúiseanna le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (*ex ante*)

Comhlíonann an t-údarú do Bhallstáit an Aontais tionscnaimh fhasaigh den chineál céanna tar éis Thuairim Lugano 1/03 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tagann sé faoi raon inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais faoi Airteagal 3(2) CFAE. Féadfaidh an Chomhairle amháin an t-údarú a thabhairt do thogra ón gCoimisiún agus, dá bhrí sin, is inniúlacht eisiach dá cineál í nach bhfuil faoi réir phrionsabal na coimhdeachta.

Breisluach AE a mheastar a ghinfear (*ex post*)

Áirítear go n-urramófar Conarthaí an Aontais, cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus fasaigh san ábhar céanna.

- 1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Tá roinnt fasach ann maidir le húdarú den chineál sin i dtaca le dlíteanas i leith damáiste núicléach. Leanann an togra seo an patrún céanna.

- 1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Níl aon impleacht bhuiséadach ag an togra seo

- 1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

Ní bhaineann le hábhar

